2026/2040

11.9.2026

CINNEADH (AE) 2026/2040 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 1 Meán Fómhair 2026

maidir le cinn aonaid oibre a ainmniú chun cinntí tarmligthe a ghlacadh maidir le hathruithe ábhartha ar chórais rátála chun ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca creidmheasa *(BCE/2026/24)*

TÁ BORD FEIDHMIÚCHÁIN AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 11.6 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2017/933 ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Samhain 2016 maidir le creat ginearálta chun cumhachtaí cinnteoireachta a tharmligean le haghaidh ionstraimí dlí a bhaineann le cúraimí maoirseachta (BCE/2016/40) ([1]), agus go háirithe Airteagail 4 agus 5 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2026/2036 ón mBanc Ceannais Eorpach an 21 Lúnasa 2026 maidir le tarmligean na cumhachta chun cinntí a ghlacadh maidir le hathruithe ábhartha ar chórais rátála chun ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca creidmheasa (BCE/2026/19) ([2]), agus go háirithe Airteagal 3 de,

Ag féachaint do Chinneadh BCE/2004/2 ón mBanc Ceannais Eorpach an 19 Feabhra 2004 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh ([3]), agus go háirithe Airteagal 10 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun aghaidh a thabhairt ar an líon suntasach cinntí atá le glacadh ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) chun a chuid cúraimí maoirseachta a chomhlíonadh, bunaíodh nós imeachta chun cinntí tarmligthe sonracha a ghlacadh.

(2) Tagann cinneadh tarmligin in éifeacht ach a nglacann an Bord Feidhmiúcháin cinneadh lena n-ainmnítear ceann aonaid oibre amháin nó níos mó chun cinntí a dhéanamh ar bhonn cinneadh tarmligin.

(3) Ba cheart don Bhord Feidhmiúcháin a thábhachtaí atá an cinneadh tarmligin agus an líon seolaithe a gcaitear cinntí tarmligthe a sheoladh chucu a chur san áireamh nuair a bhíonn cinn na n-aonad oibre á n-ainmniú aige.

(4) Foráiltear le hAirteagal 10.1 de Chinneadh BCE/2004/2 go ndéanfaidh an Bord Feidhmiúcháin cinneadh maidir le líon, ainm agus inniúlacht faoi seach de gach aonaid oibre BCE.

(5) Chuathas i gcomhairle le Cathaoirleach an Bhoird Maoirseachta maidir le cinn na n-aonad oibre ar cheart an chumhacht chun cinntí a ghlacadh maidir le hathruithe ábhartha ar chórais rátála chun ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca creidmheasaa tharmligean chucu,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Sainmhínithe

Chun críocha an Chinnidh seo, tá feidhm ag na sainmhínithe in Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2026/2036 (BCE/2026/19).

([1]) IO L 141, 1.6.2017, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2017/933/oj.
([2]) IO L, 2026/2036, 11.9.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/2036/oj.
([3]) IO L 80, 18.3.2004, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/guideline/2012/473/oj.

Airteagal 2

Cinntí tarmligthe maidir le hathruithe ábhartha ar chórais rátála chun ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca creidmheasa

Glacfaidh ceann de na cinn aonaid oibre seo a leanas cinntí tarmligthe de bhun Airteagal 3 de Chinneadh (AE) 2026/2036 (BCE/2026/19) lena mbaineann eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (16), de Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2014/17) ([4]):

(a) Ard-Stiúrthóir nó Leas-Ard-Stiúrthóir na hArd-Stiúrthóireachta um Bainc Chórasacha agus Idirnáisiúnta, más í an Ard-Stiúrthóireacht um Bainc Chórasacha agus Idirnáisiúnta a dhéanann maoirseacht ar an eintiteas nó an grúpa ábhartha faoi mhaoirseacht;

(b) Ard-Stiúrthóir nó Leas-Ard-Stiúrthóir na hArd-Stiúrthóireachta um Institiúidí Uilíocha agus Éagsúlaithe, más í an Ard-Stiúrthóireacht um Institiúidí Uilíocha agus Éagsúlaithe a dhéanann maoirseacht ar an eintiteas nó an grúpa ábhartha faoi mhaoirseacht;

(c) Ard-Stiúrthóir nó Leas-Ard-Stiúrthóir na hArd-Stiúrthóireachta um Institiúidí Speisialaithe agus Institiúidí nach bhfuil chomh Suntasacha, más í an Ard-Stiúrthóireacht um Institiúidí Speisialaithe agus Institiúidí nach bhfuil chomh Suntasacha a dhéanann maoirseacht ar an eintiteas nó an grúpa ábhartha faoi mhaoirseacht.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 1 Meán Fómhair 2026.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear an creat um chomhar laistigh den Sásra Aonair Maoirseachta idir an Banc Ceannais Eorpach agus na húdaráis inniúla náisiúnta agus le húdaráis ainmnithe náisiúnta (Creat-Rialachán SAM) (BCE/2014/17) (IO L 141, 14.5.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/468/oj).